Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 19 Aibreán 2023**
**(OR. en)**

**8465/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0099(NLE)**

**EDUC 131**
**DIGIT 71**
**JEUN 70**
**EMPL 178**
**SOC 254**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 205 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh MOLADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 205 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 205 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

Strasbourg, 18.4.2023
COM(2023) 205 final

2023/0099 (NLE)

Togra le haghaidh

**MOLADH ÓN gCOMHAIRLE**

**maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil**

{SWD(2023) 205 final}

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Tá oideachas agus oiliúint ríthábhachtach d'fhorbairt phearsanta, do chomhtháthú sóisialta, d'iomaíochas agus do nuálaíocht. Is bloc tógála ríthábhachtach iad freisin chun Eoraip níos cothroime, níos athléimní agus níos inbhuanaithe a chruthú. Léirítear é sin sa **Rún ón gComhairle maidir le creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus lasmuigh de (2021-2030)**[1], a bhfuil **an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach** i measc a thosaíochtaí straitéiseacha.

Sa lá atá inniu ann, tá an t-oideachas digiteach i gcroílár na n-iarrachtaí sin. Le paindéim COVID-19 cuireadh i dtábhacht an gá atá le feabhas a chur ar **ullmhacht dhigiteach na gcóras oideachais agus oiliúna** i dtéarmaí athléimneachta, ardcháilíochta, cuimsitheachta, inrochtaineachta agus slándála. Leagtar amach i **bPlean Gníomhaíochta an Choimisiúin Eorpaigh don Oideachas Digiteach 2021-2027**[2] dhá thosaíocht straitéiseacha chun é sin a bhaint amach: *forbairt éiceachórais ardfheidhmíochta don oideachas digiteach a chothú* agus *feabhas a chur ar scileanna agus inniúlachtaí digiteacha don aistriú digiteach*.

D'fháiltigh na Ballstáit roimh an bplean gníomhaíochta sna **Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa**[3]. D'admhaigh siad go raibh gá le comhar níos dlúithe agus d'iarr siad ar an gCoimisiún próiseas machnaimh straitéiseach a sheoladh maidir le tosca cumasúcháin a bhaineann le hoideachas digiteach rathúil. I ndiaidh an ghlao ón Uachtarán von der Leyen in 2021 le haghaidh 'aird na gceannairí agus idirphlé struchtúrtha ar an leibhéal is airde' maidir le hoideachas agus scileanna digiteacha, rinne an Coimisiún **idirphlé struchtúrtha maidir le hoideachas agus scileanna digiteacha** leis na Ballstáit uile in 2022.

Ina bPleananna Téarnaimh agus Athléimneachta, tá EUR 130 billiún leithdháilte ag na Ballstáit ar bhearta a thacaíonn leis an aistriú digiteach – 26 % de leithdháileadh iomlán na bpleananna. As an tsuim sin, tá EUR 16.5 billiún dírithe ar fheabhas a chur ar nascacht agus tá beagnach EUR 23 bhilliún dírithe ar oideachas digiteach agus ar fhorbairt scileanna digiteacha[4]. Tá cur chun feidhme thar a bheith tábhachtach anois.

I bhfianaise an ghá atá le héiceachóras ardfheidhmíochta don oideachas digiteach (lena n-áirítear bonneagar, nascacht, eagrú, acmhainn), tógann an togra reatha **ar na príomhthosca cumasúcháin maidir le hoideachas digiteach rathúil** arna sainaithint sa phlean gníomhaíochta agus sna Conclúidí ón gComhairle, chomh maith le torthaí an idirphlé struchtúrtha. Cuirtear moltaí i láthair ann do na Ballstáit maidir le conas **oideachas digiteach inrochtana, ardcháilíochta agus cuimsitheach a bhaint amach do chách**. Dírítear sa togra

---

1 2021/C 66/01

2 COM(2020) 624 final

3 2020/C 415/10

4 Ríomhtar na figiúirí sa mhír seo trí úsáid a bhaint as Iarscríbhinn VII den Rialachán maidir leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta.

ar **oideachas agus oiliúint fhoirmiúil** agus ar na hinfheistíochtaí, an fothú acmhainneachta agus an comhar a theastaíonn chun leas a bhaint as acmhainneacht na dteicneolaíochtaí digiteacha chun an teagasc, an fhoghlaim agus an measúnú a neartú, agus feabhas a chur ar thorthaí foghlama gach foghlaimeora. Maidir leis sin, leagtar béim ann ar an tábhacht a bhaineann le comhtháthú fónta teicneolaíochtaí digiteacha i scoileanna agus in ollscoileanna a bhaineann le modhanna oideolaíocha agus eagrúcháin i dteagasc gach ábhair.

Is éard atá i gceist le hoideachas digiteach rathúil **níos mó deiseanna foghlama agus teagaisc agus deiseanna foghlama agus teagaisc níos fearr a chruthú do gach duine sa ré dhigiteach**. Mar thoradh ar réitigh dhigiteacha tá córais oideachais agus oiliúna an Aontais níos inrochtana le blianta beaga anuas. I ndomhan atá ag forbairt go gasta agus i ndomhan níos éiginnte, áfach, is gá leanúint le feabhas a chur ar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an oideachais agus tacú le héagsúlú an teagaisc agus na foghlama, lena n-áirítear trí réitigh dhigiteacha atá ann cheana agus réitigh dhigiteacha atá ag teacht chun cinn. Cé go n-athraíonn ár sochaithe, is ceart bunúsach daonna é an t-oideachas i gcónaí, agus ní mór rochtain uilíoch air a ráthú agus an rochtain sin a leathnú go dtí an domhan digiteach.

Is féidir le huirlisí digiteacha úsáideoirlárnacha réitigh nuálacha a sholáthar don oideachas agus tacú le múinteoirí trína n-ualach riaracháin a laghdú. Ina theannta sin, cuidíonn siad le múinteoirí a gcuid oibre agus na córais oideachais a chur in oiriúint do theicneolaíochtaí suaiteacha amhail an intleacht shaorga ghiniúnach agus teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn a théann isteach go tapa i dtimpeallachtaí foghlaimeoirí leis na deiseanna agus na rioscaí a d’fhéadfadh a bheith i gceist leis sin. Tá deiseanna nua foghlama á gcruthú le huirlisí intleachta saorga giniúnaí agus is féidir leo tacú le scoláirí a luas foghlama agus a bhféin-éifeachtúlacht a fheabhsú agus ceisteanna nua a ardú san am céanna lena n-áirítear, mar shampla, ceisteanna maidir le measúnú nó le húdarthacht. Réamhchoinníoll is ea an t-oideachas digiteach rathúil d’fhoghlaimeoirí, dá bhrí sin, chun na scileanna a ghnóthú a theastaíonn uathu chun go n-éireoidh go maith leo i saol an lae inniu.

Tá an togra seo **mar chuid de na tionscnaimh arna nglacadh ag an gCoimisiún agus ag na Ballstáit chun aistriú digiteach duinelárnach a áirithiú**. Tá sé i gcomhréir leis na cuspóirí a leagtar síos sa Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, i gClár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach[5], sa Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití[6] agus sa straitéis Eorpach le haghaidh idirlíon níos fearr do leanaí[7]. Leis an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach, an Clár Oibre Scileanna don Eoraip[8] an Plean Gníomhaíochta um Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta[9], agus straitéisí Aontas an Chomhionannais, leagtar amach spriocanna uaillmhianacha ar leibhéal an Aontais chun gníomh maidir le claochlú digiteach a spreagadh agus fás agus nuálaíocht inbhuanaithe san Aontas a áirithiú. Cuirtear san áireamh sa togra freisin an obair leanúnach ar an aistriú digiteach faoin tSaoráid Téarnaimh agus

5 Cinneadh (AE) 2022/2481
6 COM(2022) 28 final
7 COM(2022) 212 final
8 COM/2020/274 final
9 COM(2021) 102 final

Athléimneachta agus tá sé ailínithe le torthaí Thuarascáil na Comhdhála ar Thodhchaí na hEorpa.

Tá an togra bunaithe ar an gcéad tosaíocht straitéiseach (éiceachóras ardfheidhmíochta don oideachas digiteach a chur chun cinn) den Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach agus comhlánaítear leis an **Togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar sholáthar scileanna digiteacha san oideachas agus san oiliúint.**

- **Na príomhdhúshláin nach mór aghaidh a thabhairt orthu leis an Moladh seo ón gComhairle atá beartaithe**

Le heispéiris ó bhí géarchéim COVID-19 ann agus leis an idirphlé struchtúrtha léirítear láidreacht na n-infheistíochtaí agus na mbeartas a rinne na Ballstáit chun tacú le hoideachas agus scileanna digiteacha. Cé go bhfuil straitéisí ag formhór na mBallstát a bhaineann le haistriú digiteach an oideachais agus na hoiliúna agus le scileanna digiteacha a sholáthar, áfach, ní bhíonn siad sin sonrach, mionsonraithe ná cuimsitheach go leor i gcónaí. Le hanailís ar bheartais ar fud an Aontais, léirítear nach bhfuil forléargas straitéiseach ann lena nasctar leibhéil éagsúla earnála agus críche an chur chuige beartais. Tá roinnt dúshláin choitianta le sárú ag na Ballstáit maidir le héiceachórais ardfheidhmíochta don oideachas digiteach agus don oiliúint dhigiteach a fhorbairt:

– easpa cur chuige uile-rialtais sistéamach maidir le beartais don oideachas digiteach agus dúshláin a bhaineann le comhordú éifeachtach ar fud na leibhéal rialtais agus idir na leibhéil rialtais;

– easpa fócas straitéiseach maidir le hinfheistíocht i mbonneagar, i dtrealamh agus in ábhar an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití, lena n-áirítear ar dhifríochtaí socheacnamaíocha agus críche;

– oiliúint dhigiteach neamhleor ar mhúinteoirí agus ar bhaill foirne maidir leis an teicneolaíocht a ghlacadh agus an úsáid is fearr a bhaint aisti ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim;

– faireachán agus meastóireacht neamhleor ar bheartais um oideachas digiteach agus um oiliúint dhigiteach agus ar a dtionchar.

***Rialachas maidir le beartais um oideachas digiteach agus um oiliúint dhigiteach***

– D'ainneoin dul chun cinn agus samplaí den scoth den nuálaíocht, níor tháinig aistriú digiteach sistéamach san oideachas agus san oiliúint as na hiarrachtaí go fóill. Tá dhá phríomhdhúshlán ann, go háirithe.

– Ar an gcéad dul síos, chun teicneolaíochtaí digiteacha a thabhairt isteach i gcórais oideachais agus oiliúna teastaíonn cur chuige uile-rialtais lena n-áirithítear **comhar agus comhordú ranna éagsúla rialtais**. Mar shampla, chun claochlú digiteach a dhéanamh ar scoil, tá gá le dlúth-ailíniú i measc na n-údarás atá freagrach as **bonneagar** chun nascacht a áirithiú, as **airgeadas** chun maoiniú a sholáthar i gcomhair infheistíochtaí agus as **oideachas** chun curaclaim a ailíniú agus chun tacú le múinteoirí. Ina theannta sin, i mBallstáit a bhfuil ardleibhéil neamhspleáchais réigiúnaigh nó áitiúil acu, tá comhordú ar fud na leibhéal éagsúil rialtais ríthábhachtach. Léiríodh leis an idirphlé struchtúrtha go bhfuil na hiarrachtaí comhordúcháin sin casta agus dúshlánach, agus mar thoradh air sin tá go leor Ballstát a bhfuil **iliomad straitéisí earnála acu a chuirtear chun feidhme go**

**neamhspleách ar a chéile**. Baineann an baol leis sin go mbeidh struchtúir sadhlainne nó forluí ann agus dá bhrí sin go gcaillfear deiseanna le haghaidh sineirgí agus tionchar níos mó. Sainaithníodh gurb é **easpa cur chuige uile-rialtais** dá leithéid **an príomhdhúshlán** maidir le beartas um oideachas digiteach agus scileanna digiteacha a fhorbairt agus a chur chun feidhme.

– Ar an dara dul síos, tá forbairt réiteach digiteach fiúntach agus glacadh forleathan na réiteach sin ag brath go mór ar **rannpháirtíocht agus úinéireacht a lán páirtithe leasmhara ábhartha**. Tugtar le tuiscint leis sin go bhfuil gá le dlúth-idirphlé i measc lucht déanta beartas, cleachtóirí, soláthraithe réiteach digiteach, comhpháirtithe sóisialta, gnólachtaí, tuismitheoirí agus foghlaimeoirí. Léiríodh leis an idirphlé struchtúrtha, cé go bhfuil ardáin fhoirmiúla le haghaidh comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ag go leor tíortha, **tá comhoibriú níos dlúithe fós ag na céimeanna tosaigh,** go háirithe maidir le hidirghníomhú idir institiúidí oideachais, múinteoirí agus earnáil na tionsclaíochta, lena n-áirítear soláthraithe teicneolaíochta agus fostóirí. Tá spéis mhéadaitheach léirithe ag na Ballstáit i gcomhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, lena n-áirítear leis an earnáil teicneolaíochta oideachais (EdTech), chun éiceachóras an oideachais dhigitigh a leathnú agus a neartú a thuilleadh agus saincheisteanna tábhachtacha amhail príobháideacht sonraí a chosaint á gcur san áireamh.

***Infheistíocht i mbonneagar digiteach don oideachas agus don oiliúint***

**Tá nascacht scoileanna míchothrom fós idir Ballstáit den Aontas Eorpach agus laistigh de Bhallstáit den Aontas Eorpach**, agus is annamh fós a bhíonn naisc idirlín ardluais i scoileanna[10], go háirithe i gceantair thuaithe agus i gceantair iargúlta ina bhfuil an nascacht tite ar gcúl[11]. De réir na sonraí is déanaí, maidir le daltaí an Aontais Eorpaigh, ní raibh ach 11 % acu siúd sa bhunoideachas, 17 % acu siúd san oideachas meánscoile íochtaraí agus 18 % acu siúd san oideachas meánscoile uachtaraí a raibh luas idirlín os cionn 100 Mbps acu, i bhfad ón sprioc ar leibhéal an Aontais i gcomhair 2025 de nascacht leathanbhanda ardluais (1 Gbps ar a laghad nó níos mó) do gach scoil[12]. A mhéid a bhaineann le **trealamh scoile**, bhí cion na scoláirí a fhreastalaíonn ar scoileanna ina raibh níos mó ná 90 % den trealamh digiteach i bhfeidhm idir 61 % ar an leibhéal bunscoile agus 73 % ar an leibhéal meánscoile uachtaraí[13]. Mheas múinteoirí gurb é soláthar neamhleor gléasanna digiteacha (go háirithe táibléid agus ríomhairí glúine) an bac is mó ar úsáid teicneolaíochtaí digiteacha don teagasc agus don fhoghlaim[14]. **Is gnách go mbíonn institiúidí ardoideachais nasctha agus feistithe** ar bhealach níos fearr, ach tá comhtháthú agus glacadh chleachtais éifeachtacha an oideachais dhigitigh fós mall.

Cé gur cuireadh dlús suntasach le húsáid na teicneolaíochta sa teagasc agus san fhoghlaim mar gheall ar phaindéim COVID-19, tugadh chun suntais freisin léi **neamhionannas san oideachas agus san oiliúint** agus d'éirigh sé níos measa mar gheall uirthi. Tá cúlra

[10] An Coimisiún Eorpach (2019). An 2ú Suirbhé ar Scoileanna: TFC san Oideachas. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

[11] SWD(2021)167 final

[12] COM(2016)587

[13] An Coimisiún Eorpach (2019). An 2ú Suirbhé ar Scoileanna: TFC san Oideachas. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh

[14] Ibid.

socheacnamaíoch na bhfoghlaimeoirí fós ar an gcinntitheach is láidre maidir le torthaí oideachais. Léirítear é sin freisin i soláthar an oideachais dhigitigh: ní bhíonn a oiread rochtana ag foghlaimeoirí faoi mhíbhuntáiste amhail foghlaimeoirí ó **chúlraí íseal-oideachais, ísealioncaim, Romach nó imirceach** ar ríomhairí sa bhaile[15] agus tosaíonn siad ag úsáid gléasanna digiteacha níos déanaí ina saol i gcomparáid lena bpiaraí a bhfuil buntáiste níos fearr acu[16]. Cruthaítear bacainní móra do **dhaoine faoi mhíchumas** mar gheall ar easpa teicneolaíochtaí digiteacha inrochtana agus cúnta, rud a chuireann bac ar a gcumas staidéar i suíomhanna foirmiúla oideachais go neamhspleách.

Deimhnítear leis an **idirphlé struchtúrtha maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha agus pleananna téarnaimh agus athléimneachta náisiúnta an** tábhacht a chuireann na Ballstáit le bonneagar digiteach atá éifeachtach agus cothrom a chur ar fáil d'institiúidí oideachais. Tá tús áite á thabhairt do nascacht, do threalamh digiteach, d'ardáin dhigiteacha agus d'ábhar digiteach sna hathchóirithe agus sna hinfheistíochtaí sa réimse sin ag na Ballstáit.

I dtuarascáil speisialta atá le teacht ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa, cuirfear tuilleadh fianaise ar fáil maidir le héifeachtacht thacaíocht an Aontais do dhigitiú scoileanna[17].

**Baineann ábhair imní eile le cothabháil trealaimh agus gléasanna** agus leis an dúshlán a bhaineann le luas tapa an athraithe teicneolaíochta a mheaitseáil nuair a bhaineann sé le hábhar teagaisc agus foghlama, cuir chuige agus uirlisí. Cuireann tíortha a bhfuil réimse uirlisí agus ardáin dhigiteacha acu imní atá ag méadú in iúl maidir le **hidir-inoibritheacht** ar fud córas agus seirbhísí. Lena chois sin tá na Ballstáit ag lorg bealaí chun **infhaighteacht ábhair oideachais dhigitigh ar ardchaighdeán** agus **rochtain air** ina dteangacha féin a mhéadú. Ina theannta sin, tá imní ar na hinstitiúidí oideachais ar gach leibhéal maidir le hoibleagáidí cosanta sonraí a chomhlíonadh, **príobháideacht foghlaimeoirí a chosaint** agus bagairtí **cibearshlándála** a chosc.

***Oiliúint dhigiteach múinteoirí agus ball foirne***

**Príomh-chomhpháirtithe** is ea múinteoirí a mbraitheann glacadh rathúil na dteicneolaíochtaí digiteacha san oideachas agus san oiliúint orthu, agus ní mór dlúthbhaint a bheith acu lena bpríomhshruthú agus ní mór dul i gcomhairle leo maidir leis sin. Tugtar le fios in go leor staidéar gur mó seans go n-úsáidfidh múinteoirí teicneolaíochtaí digiteacha ina gcuid teagaisc má **spreagann a scoileanna pleanáil agus comhoibriú ábhartha agus teicneolaíocht san**

[15] ECFE (2018). Getting ready for the digital world, PISA 2018: Insights and Interpretations [Ag ullmhú don domhan digiteach, PISA 2018: Léargais agus Léirmhínithe]. Páras: Foilsitheoireacht ECFE.

[16] Biagi F., Rodrigues M. (2017). Digital technologies and learning outcomes of students from low socio-economic background: An analysis of PISA 2015 [Teicneolaíochtaí digiteacha agus torthaí foghlama scoláirí ó chúlra íseal-socheacnamaíoch: Anailís ar PISA 2015]. Tuarascáil maidir le hEolaíocht do Bheartas de chuid an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde.

[17] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Tráthchlár táscach maidir le foilsiú tuarascálacha ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2023, https://www.eca.europa.eu/sites/ep/en/Documents/Timetable_of_upcoming_publications_EN.pdf

**oideachas á húsáid acu**[18]. Tá páirt shainiúil ag múinteoirí maidir le hoideachas a chur ar na glúnta atá le teacht de réir na gcaighdeán is airde. Teastaíonn tacaíocht spriocdhírithe uathu chun digitiú a chomhtháthú go muiníneach ina n-oideolaíocht agus é sin a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir ionas gur féidir leis freastal ar a scoláirí agus foghlaim chuimsitheach agus inrochtana a éascú. Tá comhordaitheoirí TFC ag roinnt scoileanna a thacaíonn le múinteoirí i ngach tasc riaracháin TFC agus a chuidíonn leo díriú ar a bpríomhthascanna. Mar sin féin, is eisceacht seachas an riail é faoi láthair cur chuige sistéamach agus fadtéarmach maidir le teicneolaíocht a chomhtháthú i ngníomhaíochtaí scoile. Mar shampla, roimh phaindéim COVID-19, **níor fhreastail ach timpeall aon trian de scoláirí ar scoileanna a raibh ráitis i scríbhinn acu maidir le húsáid teicneolaíochtaí digiteacha chun críocha oideolaíocha**[19]. Mar gheall ar chumais neamhleora do chuid mhaith institiúidí oideachais agus oiliúna tá sé fós ina dhúshlán straitéis institiúideach don oideachas digiteach ina gcuirtear riachtanais oideoirí agus foghlaimeoirí san áireamh a fhorbairt agus a chur chun feidhm. Tá tionscnaimh ar siúl i roinnt Ballstát chun **cumais ceannairí institiúidí oideachais** chun an t-aistriú digiteach a threorú a ardú, ach níl siad forleathan.

Ceann de na príomhthosca a raibh tionchar aige ar cháilíocht an eispéiris foghlama le linn dhianghlasáil COVID-19 ba ea inniúlacht dhigiteach oideoirí[20]. Ar an meán san Aontas, áfach, thuairiscigh níos lú ná leath de na múinteoirí (49.1 %) go raibh TFC san áireamh ina n-oideachas foirmiúil nó ina n-oiliúint[21], agus níor bhraith ach 39 % de na múinteoirí go raibh siad dea-ullmhaithe chun teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid don teagasc[22]. Cé nach mór do mhúinteoirí agus d'oideoirí na scileanna oideolaíochta digití riachtanacha a bheith acu[23], tá sé fíor-riachtanach go mbeadh cur chuige bunaithe ar iontaoibh ó na húdaráis agus na páirtithe leasmhara ann, rud a chumhachtóidh na múinteoirí agus a thacóidh leo an úsáid is fearr a bhaint as an teicneolaíocht ar mhaithe leis an teagasc agus leis an bhfoghlaim.

Mar thoradh ar ardleibhéal neamhspleáchais institiúidí ardoideachais a sholáthraíonn **cláir le haghaidh oiliúint tosaigh múinteoirí** de ghnáth, tá moill curtha ar thabhairt isteach scileanna digiteacha oideolaíochta i gcuraclaim oiliúna múinteoirí i dtíortha éagsúla. Ina theannta sin, de bharr go bhfuil an pobal múinteoirí ag dul in aois i bhformhór thíortha an Aontais Eorpaigh ní féidir aghaidh a thabhairt ar dhúshláin na hoideolaíochta digití trí oiliúint tosaigh amháin. Léiríodh leis an idirphlé struchtúrtha go ndearna go leor Ballstát **a dtairiscint maidir le deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí do mhúinteoirí agus d'oideoirí maidir leis an oideolaíocht dhigiteach a mhéadú le déanaí**. Léiríonn roinnt Ballstát deacrachtaí, áfach, maidir le tabhairt ar mhúinteoirí páirt a ghlacadh, agus léiríonn comhpháirtithe sóisialta gur

---

18 Fraillon, J. Ainley, J., Schulz, W., Friedman, T., Duckworth, D. (2019). Preparing for Life in a Digital World: International Computer and Information Literacy Study 2018 International Report [Ag ullmhú don Saol i nDomhan Digiteach: Staidéar Idirnáisiúnta um Staidéar Idirnáisiúnta Ríomhaireachta agus Litearthachta Faisnéise 2018]. Amstardam: IEA.

19 An Coimisiún Eorpach (2019). An 2ú Suirbhé ar Scoileanna: TFC san Oideachas. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

20 Doiciméad Inmheánach Oibre an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach, SWD(2020) 209 final

21 An Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint 2020

22 OECD(2019), Torthaí TALIS 2018 (Imleabhar I): Múinteoirí agus Ceannairí Scoile mar Fhoghlaimeoirí Saoil, TALIS. Páras: Foilsitheoireacht ECFE

23 OECD(2019), Torthaí TALIS 2018 (Imleabhar I): Múinteoirí agus Ceannairí Scoile mar Fhoghlaimeoirí Saoil, TALIS. Páras: Foilsitheoireacht ECFE

minic nach mbíonn am sainithe ag múinteoirí le haghaidh forbairt ghairmiúil leanúnach. Cé go ndéantar faireachán ar rannpháirtíocht i bhforbairt ghairmiúil leanúnach i bhformhór na mBallstát, ní chuirtear a oiread béime ar scileanna múinteoirí a mheasúnú. D'fhéadfadh mí-oiriúnú idir an tairiscint oiliúna agus riachtanais na n-oideoirí a bheith mar thoradh air sin.

***Faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar bheartais agus ar thionchar***

Cé go bhfuil **straitéisí i bhfeidhm ag formhór na mBallstát** chun cuidiú le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid, ní bhíonn siad sin sonrach, mionsonraithe ná cuimsitheach go leor i gcónaí. Chomh maith leis sin, ní dhéanann ach fíorbheagán acu faireachán nó meastóireacht rialta ar a gcur chun feidhme nó ní chuireann siad athbhreithnithe chun feidhme chun forbairtí nua sa teicneolaíocht agus riachtanais foghlama ghaolmhara a léiriú[24]. Ina theannta sin, níl creataí lena ndéantar faireachán ar staid imeartha na dtosca cumasúcháin don oideachas digiteach forbartha go maith ach i líon beag Ballstát. I mórán cásanna, **cuirtear cur chuige ilroinnte nó ad hoc maidir le faireachán** i bhfeidhm. Ábhar imní ar leith a théann i bhfeidhm ar mheasúnú tionchair foriomlán na n-infheistíochtaí is ea an easpa eolais ar úsáid gléasanna chomh maith leis an easpa córas chun faireachán a dhéanamh ar bhonneagar digiteach na n-institiúidí oideachais agus chun súil a choinneáil air.

Ar leibhéal an Aontais, **is tá infhaighteacht sonraí agus fianaise fós ina dúshlán mór**. Ní fhoilsítear staidéar idirnáisiúnta mórscála ach ag eatraimh an-fhada, agus mar gheall air sin bíonn sé deacair coinneáil suas le réimse an oideachais dhigitigh atá ag athrú go tapa agus ní chuimsítear na sonraí go léir a theastaíonn iontu chun ionstraimí beartais agus tacaíochta a dhearadh.

- **Cuspóirí an Mholta ón gComhairle atá beartaithe**

Is é is aidhm don togra seo na hathchóirithe struchtúracha agus na hinfheistíochtaí riachtanacha a chur chun cinn sna Ballstáit chun athrú céim ar chéim a bhaint amach in aistriú digiteach an oideachais agus na hoiliúna agus chun soláthar scileanna a chumasú, bunaithe ar an méid seo a leanas:

- straitéis shoiléir lena dtugtar aghaidh go sonrach ar oideachas digiteach agus ar scileanna digiteacha; agus feabhas a chur ar aiseolas beartais trí fhaireachán agus meastóireacht níos fearr a dhéanamh ar bheartais um oideachas digiteach agus um oiliúint dhigiteach agus trí na torthaí sin a chomhtháthú go tapa le haghaidh coigeartuithe beartais fhreagrúil;
- cur chuige uile-rialtais i leith an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití agus comhar agus comhordú le páirtithe leasmhara agus idir páirtithe leasmhara a neartú, lena n-áirítear leis an earnáil phríobháideach;
- comhpháirtíochtaí le múinteoirí a chothú agus a neartú, agus á áirithiú go mbeidh rochtain ar oiliúint dhigiteach ag gach múinteoir, oideoir agus ball

24 An Coimisiún Eorpach/EACEA/Eurydice (2019). Oideachas Digiteach ar Scoil san Eoraip. Tuarascáil Eurydice. Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh.

foirne agus go dtabharfar tacaíocht d'fhothú acmhainneachta digití do gach institiúid oideachais agus oiliúna;

– infheistíocht chothrom atá dírithe ar thorthaí in oideachas digiteach agus in oiliúint dhigiteach a bheidh ar ardchaighdeán, inrochtana, cuimsitheach agus slán.

- **An ghné idirnáisiúnta**

Tá an togra bunaithe ar obair ar an leibhéal idirnáisiúnta agus comhlánaítear an obair sin leis. Cuireann sé le **Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe 2030 na Náisiún Aontaithe** (SDGanna)[25], go háirithe SDG 4 maidir le hoideachas ardcháilíochta.

Tá an tionscnamh comhsheasmhach le hobair leanúnach threochlár Ard-Rúnaí na **Náisiún Aontaithe** um chomhar digiteach agus tá sé ailínithe leis an nGlao ar Ghníomhaíocht maidir le Foghlaim Dhigiteach den Chruinniú Mullaigh Domhanda um an Oideachas a Athrú ó Bhonn.

Cuireann an togra freisin le cuspóirí straitéis **Global Gateway** an Aontais chun naisc inbhuanaithe iontaofa a chruthú a fhónann do na daoine agus don phláinéad.

Aithnítear sa tionscnamh a thábhachtaí atá sé oibriú thar theorainneacha, go háirithe le tíortha is iarrthóirí AE agus tíortha comhpháirtíochta comharsanachta, lena n-áirítear comhpháirtithe na mBalcán Thiar, chun a áirithiú nach bhfágfar aon duine ar lár agus go mbeidh an ceart chun oideachais chuimsithigh ardcháilíochta ag cách.

- **Uirlisí chun tacú leis an gcur chun feidhme**

Tá sé ar intinn ag an gCoimisiún Grúpa Ardleibhéil um Oideachas Digiteach agus Scileanna Digiteacha a chur ar bun chun an comhordú neamhfhoirmiúil idir na Comhordaitheoirí Náisiúnta faoin Idirphlé Struchtúrtha a thabhairt ar aghaidh i suíomh foirmiúil. Thabharfaí le chéile leis sin saineolas ó shaol an oideachais agus ó shaol na seirbhísí digiteacha agus d'fhéadfaí é a úsáid chun treoirlínte nó uirlisí eile a fhorbairt chun tuilleadh forbartha ar an oideachas digiteach a éascú.

Tacófar leis an togra chomh maith tríd an méid seo a leanas:

– an Mheitheal um Oideachas Digiteach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú;

– Ionstraimí AE, amhail an Ionstraim um Thacaíocht Theicniúil, agus cistiú ón Aontas, amhail Erasmus+, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste um Aistriú Cóir, Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, an Clár don Eoraip Dhigiteach, Fís Eorpach, agus an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) - an Eoraip Dhomhanda;

– uirlisí, ardáin agus pobail de chuid an Aontais atá ann cheana (Mol Oideachais Dhigitigh na hEorpa, Lárionad Acmhainní Digiteacha SALTO na hEorpa, an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, lena n-áirítear r-Nascadh, SELFIE, SELFIEforTEACHERS, Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE), ardán Idirlín Níos Fearr do Leanaí (BIK), Cúinne na Foghlama);

[25] https://sdgs.un.org/

– fianaise chomparáideach a bhailiú maidir le príomhthosca cumasúcháin ar fud an Aontais;

– feabhas a chur ar fhianaise agus ar anailís tríd an tSaotharlann Foghlama um Infheistiú in Oideachas agus Oiliúint Ardcháilíochta;

– tuairisciú agus faireachán a dhéanamh faoi chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

• **Comhlántacht le tionscnaimh eile**

Leis an togra seo comhlánaítear agus cuirtear le cur chun feidhme tionscnamh eile de chuid an Choimisiúin a cuireadh i láthair fúthu seo a leanas:

– Teachtaireacht maidir leis an Limistéar Oideachas Eorpach[26];

– an Plean Gníomhaíochta 2021-2027 don Oideachas Digiteach[27];

– An Clár Oibre Scileanna don Eoraip don Iomaíochas Inbhuanaithe, don Chothroime Shóisialta agus don Athléimneacht[28];

– Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach[29];

– An tAcadamh Scileanna Cibearshlándála.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

• **Bunús dlí**

Tá an togra i gcomhréir le hAirteagail 165 agus 166 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

• **Coimhdeacht (maidir le hinniúlacht neamheisiach)**

Tá an togra i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta dá bhforáiltear in Airteagal 5(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (CAE).

Urramaítear go hiomlán leis freagracht na mBallstát as ábhar a dteagaisc agus eagrú na gcóras oideachais agus a n-éagsúlacht chultúrtha agus teanga, agus ról comhlántach tacaíochta an Aontais agus cineál deonach an chomhair Eorpaigh san oideachas agus san oiliúint á léiriú. I gcomhthéacs an Limistéir Eorpaigh Oideachais, tacóidh an tionscnamh le hiarrachtaí na mBallstát beartais agus sásraí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, de réir mar is iomchuí dá gcórais agus dá struchtúir náisiúnta.

Ní bheartaítear leis an tionscnamh aon síneadh a chur le cumhacht rialála an Aontais ná leis na gealltanais cheangailteacha atá ar na Ballstáit. Braitheann an bhreisluach Eorpach ar chumas an Aontais rannpháirtíocht pholaitiúil a spreagadh agus tacú le córais oideachais agus oiliúna trí threoirlínte beartais, uirlisí agus ionstraimí coiteanna.

[26] COM(2020) 625 final
[27] COM(2020) 624 final
[28] COM(2020) 274 final.
[29] Cinneadh (AE) 2022/2481

- **Comhréireacht**

Comhlíontar leis an togra prionsabal na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) CAE.

Ní théann ábhar ná foirm an togra thar a bhfuil riachtanach chun a chuspóirí a bhaint amach. Is ar bhonn deonach a dhéanfaidh na Ballstáit na gealltanais agus is faoi gach Ballstát atá sé a chinneadh conas a chuirfidh siad an togra chun feidhme.

- **An rogha ionstraime**

Chun tacú leis na cuspóirí dá dtagraítear in Airteagal 165 agus 166 CFAE a bhaint amach, déantar foráil leis an gConradh sin go nglacfaidh an Chomhairle moltaí ar bhonn togra ón gCoimisiún.

Is ionstraim iomchuí é Moladh ón gComhairle laistigh de réimse an oideachais agus na hoiliúna, réimse ina bhfuil freagracht tacaíochta ar an Aontas, agus is ionstraim é a úsáidtear go minic le haghaidh gníomhaíocht Eorpach sna réimsí sin.

## 3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Rinneadh measúnú ar na deiseanna agus na dúshláin a sholáthraítear leis an aistriú digiteach don oideachas agus don oiliúint sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an Teachtaireacht maidir le Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027[30].

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú cuimsitheach ar an bplean gníomhaíochta in 2024 chun a fhor-rochtain agus a thionchar a mheasúnú.

Nasctar na torthaí sin sa togra seo le torthaí an idirphlé struchtúrtha a rinneadh leis na Ballstáit inar pléadh ullmhacht na gcreataí náisiúnta agus na reachtaíochta atá ann cheana chun freagairt do na riachtanais a bhaineann leis an oideachas digiteach agus leis na scileanna digiteacha.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Tá an togra bunaithe ar thorthaí an chomhairliúcháin phoiblí ar an bPlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027[31] agus ar ionchuir a bailíodh le linn próiseas comhairliúcháin fairsing[32].

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Tá an togra bunaithe ar an méid seo a leanas:

30 SWD/2020/209 final

31 https://ec.europa.eu/info/law/better-regulation/have-your-say/initiatives/12453-Digital-education-action-plan-update-/public-consultation_ga

32 Tá tuarascáil achomair ghearr i gceangal leis an Doiciméad Inmheánach Oibre;

– torthaí an idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit maidir leis an oideachas digiteach agus scileanna digiteacha;

– ceachtanna a foghlaimíodh ó chur chun feidhme chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais, ón Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint agus ionchuir ón nGrúpa Oibre um Oideachas Digiteach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú (DELTA);

– raon leathan tuarascálacha agus staidéar ar thionchar ghéarchéim COVID-19, ar chothromas san oideachas, ar chórais chuimsitheacha, etc.;

– Tuarascálacha ar an Innéacs um an nGeilleagar Digiteach agus an tSochaí Dhigiteach (DESI);

– Tuarascáil ECFE 'Tosca cumasúcháin maidir le hoideachas digiteach éifeachtach agus cothrom: staid imeartha agus beartais a bhfuil gealladh fúthu';

• **Measúnú tionchair**

I bhfianaise chur chuige comhlántach na ngníomhaíochtaí maidir le tionscnaimh na mBallstát, cineál deonach na ngníomhaíochtaí atá beartaithe agus raon feidhme na dtionchar lena bhfuiltear ag súil, ní dhearnadh measúnú tionchair. Ba le staidéir roimhe seo, comhairliúchán leis na Ballstáit agus an comhairliúchán poiblí ar cuireadh bonn eolais faoi fhorbairt an togra[33].

• **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Neamhbhainteach.

• **Cearta bunúsacha**

Tá an togra i gcomhréir leis na cearta agus na prionsabail bhunúsacha a aithnítear i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh, go háirithe an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint a leagtar síos in Airteagal 8, an tsaoirse acadúil a chumhdaítear in Airteagal 13, an ceart chun oideachais a leagtar síos in Airteagal 14, agus an ceart chun neamh-idirdhealaithe dá bhforáiltear in Airteagal 21 agus an ceart chun daoine faoi mhíchumas a lánpháirtiú in airteagal 26.

Déanfar na bearta i gcomhréir le dlí an Aontais maidir le sonraí pearsanta a chosaint, go háirithe Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí).

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní éileofar leis an tionscnamh seo acmhainní breise ó bhuiséad an Aontais agus tacófar lena chur chun feidhme le hionstraimí maoiniúcháin an Aontais atá ann.

[33] Tá na tagairtí iomlána ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Chun tacú le cur chun feidhme, tá sé beartaithe ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, gníomhaíochtaí piarfhoghlama a fhorbairt agus dea-chleachtas a shainaithint, mar aon le taighde, ábhar treorach, agus táirgí insoláthartha fianaisebhunaithe eile.

Lena chois sin cuideoidh an Coimisiún chun fianaise chomparáideach a fhorbairt ar na príomhthosca cumasúcháin d'oideachas digiteach ar fud an Aontais trí shuirbhé ar an Oideachas Digiteach san Eoraip a dhéanamh sna Ballstáit.

Tá sé i gceist ag an gCoimisiún tuairisc a thabhairt ar úsáid an Mholta ón gComhairle laistigh de chreat straitéiseach an Limistéir Eorpaigh Oideachais.

- **Doiciméid mhíniúcháin (le haghaidh Treoracha)**

Neamhbhainteach.

- **Achoimre ar an togra le haghaidh Moladh ón gComhairle agus doiciméad inmheánach oibre**

Sa Mholadh ón gComhairle atá beartaithe aithnítear ról an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití maidir le tacú le hathléimneacht, inrochtaineacht, cáilíocht agus cuimsitheacht na gcóras oideachais agus oiliúna, agus maidir lena chur ar chumas foghlaimeoirí déanamh go maith i saol digiteach an lae inniu.

Agus leas á bhaint sa togra as torthaí an idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit, leagtar amach ann ar na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh rochtain uilíoch ar oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach ardchaighdeáin, chuimsitheach agus inrochtana. Áirítear leis sin aghaidh a thabhairt ar an bhearna dhigiteach idir grúpaí agus críocha, atá níos soiléire fós i bhfianaise ghéarchéim COVID-19.

Moltar treoir agus gníomh ann is féidir leis na Ballstáit a dhéanamh chun cur chuige uile-rialtais agus ilpháirtithe leasmhara a chur chun feidhme maidir le beartais um oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a fhorbairt, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus infheistíocht spriocdhírithe agus tionchar ag gabháil leo. Ina theannta sin, cuireann sé cultúr nuálaíochta agus digitithe ó bhun aníos chun cinn a mbeidh baill foirne oideachais agus oiliúna i gceannas air.

Sa doiciméad inmheánach oibre a ghabhann leis leagtar amach tuairimí páirtithe leasmhara agus soláthraítear samplaí d'fhianaise, de bheartais agus de chleachtais a thacaíonn leis an togra.

Togra le haghaidh

# MOLADH ÓN gCOMHAIRLE

## maidir leis na príomhthosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 165(4) agus Airteagal 166(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

DE BHARR AN MHÉID SEO A LEANAS:

(1) Sna **Conclúidí ón gComhairle Eorpach** an 9 Feabhra 2023 cuireadh i dtábhacht an gá atá le gníomhaíocht níos dána, níos uaillmhianaí chun na scileanna is gá don aistriú glas agus don aistriú digiteach a fhorbairt a thuilleadh trí oideachas, oiliúint, uas-sciliú agus athsciliú chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin maidir le ganntanais an lucht saothair agus claochlú post, lena n-áirítear i gcomhthéacs na ndúshlán déimeagrafach.

(2) Tá oideachas agus oiliúint ríthábhachtach d'fhorbairt phearsanta, do chomhtháthú sóisialta, d'iomaíochas agus do nuálaíocht agus is bloc tógála ríthábhachtach iad d'Eoraip níos cothroime, níos athléimní agus níos inbhuanaithe. Sa chomhthéacs sin, iarradh sa Teachtaireacht maidir leis an **Limistéar Eorpach Oideachais**[34] go mbeadh beartais agus infheistíochtaí oideachais agus oiliúna dírithe i dtreo aistriú glas cuimsitheach agus aistriú digiteach cuimsitheach ar mhaithe le sochaí agus geilleagar a bheidh inbhuanaithe agus tíosach ar acmhainní.

(3) Le paindéim COVID-19 cuireadh i dtábhacht an gá atá le feabhas a chur ar ullmhacht dhigiteach na gcóras oideachais agus oiliúna i dtéarmaí athléimneachta, ardcháilíochta, cuimsitheachta, inrochtaineachta agus slándála. Leis an athrú teicneolaíochta atá ag dul chun cinn go tapa, éilítear claochlú digiteach duinelárnach agus córais oideachais agus oiliúna atá oiriúnach don aois dhigiteach. Chun dul i ngleic leis na dúshláin sin, ghlac an Coimisiún an **Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027**[35]. Féachtar sa phlean gníomhaíochta le haghaidh a thabhairt ar an mbearna dhigiteach agus ar neamhionannas san oideachas agus san oiliúint, agus cuirtear i dtábhacht ann acmhainneacht na teicneolaíochta teagasc agus foghlaim níos inrochtana, níos solúbtha, níos pearsantaithe agus níos foghlaimeoirlárnaí a éascú.

---

[34] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Limistéar Eorpach Oideachais a bhaint amach faoi 2025, COM(2020) 625 final an 30.9.2020.

[35] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027. Oideachas agus oiliúint a athshocrú don aois dhigiteach', COM(2020) 624 final an 30.9.2020.

(4) Leis an gcéad tosaíocht straitéiseach den phlean gníomhaíochta – forbairt éiceachórais ardfheidhmíochta don oideachas digiteach a chothú – cuirtear i dtábhacht an gá atá le hacmhainneacht agus athléimneacht dhigiteach sna córais oideachais agus oiliúna a neartú ar bhealach comhleanúnach inbhuanaithe. Chuige sin, sainaithníodh cumasóirí amhail bonneagar ábhartha, nascacht ábhartha agus acmhainn dhigiteach sa phlean gníomhaíochta agus rinneadh iad a chomhlánú a thuilleadh sna **Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa**[36].

(5) Mar fhreagairt ar an ngá oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach inrochtana, ar ardchaighdeán agus cuimsitheach a bhaint amach, ba cheart aghaidh a thabhairt sa Mholadh seo ar na **príomhthosca cumasúcháin** seo a leanas: (i) cur chuige straitéiseach maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha; (ii) comhordú uile-rialtais agus rannpháirtíocht ón iliomad páirtithe leasmhara; (iii) fothú acmhainneachta d’institiúidí oideachais agus oiliúna agus do mhúinteoirí; agus (iv) infheistíocht atá dírithe ar thorthaí.

(6) Chun na tosca cumasúcháin sin a chur chun feidhme go héifeachtach teastaíonn beart ar an leibhéal is airde, a théann níos faide ná aireachtaí oideachais agus oiliúna amháin. Ina hóráid ar Staid an Aontais Eorpaigh in 2021, d’iarr Uachtarán an Choimisiúin ar cheannairí díriú ar an oideachas digiteach agus ar scileanna digiteacha. Dá thoradh sin seoladh **idirphlé struchtúrtha leis na Ballstáit maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha**[37]. Cuireadh i dtábhacht i dtorthaí an idirphlé struchtúrtha roinnt dúshláin choitianta atá roimh na Ballstáit maidir le claochlú digiteach a dhéanamh ar a gcórais oideachais agus oiliúna, rud a léiríonn gur gá dea-chleachtais a roinnt ar leibhéal an Aontais.

(7) Sa chomhthéacs sin, cuirtear chun cinn sa Rún ón gComhairle maidir le **creat straitéiseach le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus lasmuigh de (2021-2030)** comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint chun tacú a thuilleadh le forbairt na gcóras oideachais agus oiliúna sna Ballstáit. Dírítear iad sin ar chomhlíonadh pearsanta, sóisialta agus gairmiúil gach saoránaigh a áirithiú, agus luachanna daonlathacha, comhionannas, comhtháthú sóisialta, saoránacht ghníomhach agus idirphlé idirchultúrtha á gcur chun cinn, chomh maith le forbairt shóisialta agus eacnamaíoch inbhuanaithe, an t-aistriú glas agus an t-aistriú digiteach, agus infhostaitheacht.

(8) I bhfianaise an ghá le cur chuige uile-rialtais maidir le claochlú digiteach an oideachais agus na oiliúna, in 2022, d’ainmnigh na Ballstáit a n-ionadaithe don **ghrúpa ardleibhéil Comhordaitheoirí Náisiúnta ar an idirphlé struchtúrtha maidir le hoideachas digiteach agus scileanna digiteacha**. Is é a shainordú ionadaíocht a dhéanamh ar na ranna ábhartha ina dtíortha atá freagrach as gnéithe éagsúla den oideachas digiteach, den oiliúint dhigiteach agus de na scileanna digiteacha (lena n-áirítear oideachas, saothar, seirbhísí digiteacha, earnáil na tionsclaíochta agus airgeadas). Bhí an cur chuige sin úsáideach agus riachtanach chun saineolas ó na hearnálacha éagsúla a thabhairt le chéile ar bhealach éifeachtach agus ba cheart leanúint leis.

(9) In óráid Uachtarán an Choimisiúin ar Staid an Aontais Eorpaigh in 2022[38], d’fhógair sí gurb é 2023 **Bliain Eorpach na Scileanna**[39]**.** Is éard atá i gceist leis sin freisin méadú

36 IO C 415, 1.12.2020, lch. 22.

37 An Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach– Gníomh 1| Limistéar Eorpach Oideachais (europa.eu)

38 Aitheasc ar Staid an Aontais Eorpaigh ón Uachtarán von der Leyen (europa.eu)

a dhéanamh ar na hiarrachtaí leanúnacha feabhas a chur ar na scileanna is gá don aistriú digiteach, scileanna a bhraitheann anois níos mó ná riamh ar rannpháirtíocht agus rannchuidiú comhordaithe páirtithe leasmhara ó gach earnáil den tsochaí, den gheilleagar agus den oideachas agus den oiliúint.

(10) Sonraítear sa chéad phrionsabal de **Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta**[40] 'go bhfuil an ceart ag cách ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach chun na scileanna atá acu a chothabháil agus chun scileanna a fháil a chuirfidh ar a gcumas dóibh a bheith lán-rannpháirteach sa tsochaí agus athruithe i margadh an tsaothair a bhainistiú go rathúil.' Ba chóir go mbeadh rochtain ag gach saoránach Eorpach ar oideachas digiteach, lena gcuirfear ar a gcumas dóibh an t-eolas, na scileanna agus na hinniúlachtaí a fhorbairt is gá le haghaidh rannpháirtíocht ghníomhach i sochaithe digiteacha an lae inniu ar sochaithe iad atá ag éirí níos digití agus níos digití. Ba cheart an ceart atá ag cách ar oideachas, ar oiliúint agus ar fhoghlaim ar feadh an tsaoil atá ar ardcháilíocht agus cuimsitheach, mar a leagtar amach agus mar a chosnaítear i **gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,** a ráthú i gcónaí. Bainfidh gach saoránach Eorpach tairbhe as timpeallachtaí foghlama oiriúnacha, inrochtana agus sábháilte, lena n-áirítear timpeallachtaí digiteacha.

(11) I **straitéisí Aontas an Chomhionannais**[41] arna nglacadh ag an gCoimisiún cuirtear i dtábhacht an ról tábhachtach atá ag oideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach mar chumasóir chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Aontas an Chomhionannais do chách, gan beann ar inscne, ar bhunadh ciníoch nó eitneach, ar reiligiún nó ar chreideamh, ar mhíchumas, ar aois nó ar ghnéaschlaonadh.

(12) Le géarchéim COVID-19 rinneadh an éagothroime shocheacnamaíoch san oideachas agus san oiliúint a mhéadú a thuilleadh, rud a dhéanann an deighilt dhigiteach níos doimhne. Sa **Mholadh ón gComhairle lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí**[42] iarrtar ar Bhallstáit rochtain éifeachtach agus saor in aisce ar oideachas agus ar ghníomhaíochtaí scoilbhunaithe a ráthú do leanaí atá i ngátar, is iad sin leanaí atá i mbaol na bochtaineachta nó an eisiaimh shóisialta. Ina theannta sin, iarrtar i Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh[43] agus sa **Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030** oideachas cuimsitheach agus inrochtana ardcháilíochta a fhorbairt.

(13) Sa **Chlár Oibre Scileanna don Eoraip**[44] leagtar amach bearta chun cuidiú le daoine aonair agus le gnólachtaí níos mó scileanna agus scileanna níos fearr a fhorbairt agus

---

39 COM(2022) 526 final.

40 IO C 428, 13.12.2017, lch. 10.

41 Glacadh le cúig straitéis chomhionannais in 2020 agus 2021 chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo Aontas an Chomhionannais: Straitéis um Chomhionannas Inscne 2020-2025; Straitéis um Chomhionannais LGBTIQ 2020-2025; Plean gníomhaíochta an Aontais Eorpaighmaidir le frithchiníochais 2020-2025; Creat straitéiseach maidir le comhionannas, cuimsiú agus rannpháirtíocht na Romach 2020-2030; Straitéis maidir le Cearta Daoine faoi Mhíchumas 2021-2030.

42 Moladh (AE) 2021/1004 ón gComhairle an 14 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ráthaíocht Eorpach do Leanaí, (IO L 223, 22.6.2021, lch. 14).

43 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún 'Straitéis an Aontais um Chearta an Linbh', COM(2021) 142 final an 24.3.2021.

44 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir le 'Clár Oibre Scileanna don

leas a bhaint astu trí iomaíochas inbhuanaithe a neartú agus trí athléimneacht a fhorbairt chun freagairt do ghéarchéimeanna, bunaithe ar na ceachtanna a foghlaimíodh le linn phaindéim COVID-19.

(14) Le **Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach**[45] agus leis an **Dearbhú Eorpach maidir le Cearta agus Prionsabail Dhigiteacha le haghaidh na Deacáide Digití**[46] cuireadh plean chun cinn chun claochlú digiteach cuimsitheach duinelárnach a bhaint amach i sochaí agus i ngeilleagar an Aontais faoi 2030. Áirítear leis sin creat rialachais agus tuairiscithe leis na Ballstáit mar chuid de Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach chun na spriocanna ábhartha ar leibhéal an Aontais don **Deacáid Dhigiteach** a bhaint amach, lena n-áirítear nascacht uilíoch a bhaint amach (leathanbhanda gigighiotáin do gach duine agus 5G i ngach áit, lena n-áirítear i gceantair thuaithe). Leis na tionscnaimh sin féachtar le haghaidh a thabhairt ar bhearnaí digiteacha atá ann cheana i dtaca le nascacht agus scileanna trí ghníomhaíocht a chur chun cinn agus trí bhearta riachtanacha maolaithe a chur i bhfeidhm.

(15) Cuirtear i dtábhacht sna tionscnaimh sin go mbaineann oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach rathúil le níos mó deiseanna foghlama agus teagaisc agus deiseanna foghlama agus teagaisc níos fearr a chruthú do gach duine sa ré dhigiteach. Mar thoradh ar réitigh dhigiteacha tá córais oideachais agus oiliúna san Aontas níos inrochtana le blianta beaga anuas. I ndomhan atá ag forbairt go gasta, áfach, tá sé ríthábhachtach go bhfeabhsófar éifeachtacht agus éifeachtúlacht an oideachais ar bhonn leanúnach agus go dtacófar le cuir chuige nua teagaisc agus foghlama, lena n-áirítear trí réitigh dhigiteacha atá ann cheana agus trí chinn atá ag teacht chun cinn.

(16) Leis na **Conclúidí ón gComhairle maidir le hoideachas digiteach i sochaithe eolais na hEorpa**[47] léirítear go gcruthaítear le dáileadh forleathan teicneolaíochtaí digiteacha agus rochtain ar an idirlíon deiseanna nua d’oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach san Eoraip. Le hoideachas digiteach, mar chuid lárnach d’oideachas agus oiliúint ardcháilíochta chuimsitheach, is féidir cur le teagasc aghaidh ar aghaidh agus is féidir cur le hinrochtaineacht fheabhsaithe ar ábhar oideachais agus ar oideolaíocht, le cuimsiú sóisialta níos fearr, agus le hinniúlachtaí a ghnóthú ar bhealach níos éifeachtaí, rud a chuireann rath oideachais chun cinn do chách.

(17) An tráth céanna, téann teicneolaíochtaí nua agus teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail an intleacht shaorga isteach go tapa i dtimpeallachtaí foghlaimeoirí, rud a mbaineann idir dheiseanna féideartha agus rioscaí leis. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, tacú le hinstitiúidí oideachais agus oiliúna agus le múinteoirí tuiscint níos fearr a fhorbairt ar na huirlisí sin agus ar an gcaoi a bhféadfaidís iad a úsáid ar bhealach muiníneach sábháilte chun tairbhe an teagaisc agus na foghlama. Maidir leis an **Straitéis um an Intleacht Shaorga**[48], an **Straitéis Eorpach maidir le Sonraí**[49], an

---

Eoraip don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht’ COM(2020) 274 final, 1.7.2020.

45 Cinneadh (AE) 2022/2481 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear Clár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach (IO L 323, 19.12.2022, lch. 4).

46 IO C 23, 23.1.2023, lch. 1.

47 IO C 415, 1.12.2020, lch. 22

48 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún ‘Intleacht Shaorga don Eoraip’, COM(2018) 237 final an 25.4.2018.

**Togra le haghaidh Gníomh um an Intleacht Shaorga**[50], an **Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha**[51] agus na **treoirlínte Eiticiúla maidir le húsáid na hintleachta saorga agus sonraí maidir le teagasc agus foghlaim d'oideoirí**[52], chomh maith leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach atá beartaithe[53], tá siad ábhartha don earnáil oideachais agus oiliúna agus maidir leis an úsáid a bhaineann an earnáil sin as teicneolaíochtaí digiteacha sa chleachtas. San am céanna, tá an Plean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach ag ardú feasachta ar an gcibearshlándáil i measc daoine aonair, go háirithe leanaí agus daoine óga, agus eagraíochtaí, go háirithe FBManna. Ní hamháin go dtabharfaidh oideachas agus ardú feasachta cosaint ar chibearbhagairtí ach cuirfidh sé freisin leis an lucht saothair cibearshlándála a fhorbairt agus a éagsúlú, rud a chomhlánóidh iarrachtaí an Acadaimh Scileanna Cibearshlándála.

(18) Ó dhearcadh fadsaoil, is den riachtanas é teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid chun feabhas a chur ar inrochtaineacht agus ar cháilíocht an teagaisc agus na foghlama i ngach earnáil agus ar gach leibhéal oideachais agus oiliúna, ó aois óg go foghlaim aosach, saoránaigh scothaosta san áireamh.

(19) Leis an Moladh ón gComhairle maidir leis an ngairmoideachas agus maidir leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht[54] moltar fís bheartais nuachóirithe de chuid an Aontais maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint, lena n-áirítear claochlú digiteach an ghairmoideachais agus na gairmoiliúna agus úsáid na foghlama cumaisc. Sonraítear i nDearbhú Osnabrück maidir leis an ngairmoideachas agus maidir leis an ngairmoiliúint mar chumasóir téarnaimh agus aistrithe córa chuig geilleagair dhigiteacha agus ghlasa[55] go bhféadfadh ról tábhachtach agus comhlántach a bheith ag an bhfoghlaim dhigiteach.

(20) Le **tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha**[56], a thacaíonn le comhaontais thrasnáisiúnta institiúidí ardoideachais, cuirtear cruthú agus roinnt ábhair dhigitigh chun cinn i measc mic léinn, baill foirne, taighdeoirí agus saoránach. Tacaíonn foghlaim ar líne agus foghlaim chumaisc le sprioc na n-ollscoileanna Eorpacha soghluaisteacht a mac léinn agus a mball foirne a mhéadú, conairí foghlama níos solúbtha a sholáthar agus cuir chuige thrasdisciplíneacha a mhéadú chun mic léinn agus baill foirne a nascadh leis an earnáil phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach.

---

49 Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún'Straitéis Eorpach maidir le Sonraí', COM (2020) 66 final an 19.2.2020.

50 COM(2021)206 final.

51 Rialachán (AE) 2022/2065 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 2022 maidir le Margadh Aonair do Sheirbhísí Digiteacha agus lena leasaítear Treoir 2000/31/CE (an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha) (IO L 277, 27.10.2022, lch. 1).

52 An Coimisiún Eorpach, an Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, an Óige, Spórt agus Cultúr, Treoirlínte eiticiúla maidir le húsáid na hintleachta saorga agus sonraí maidir le teagasc agus foghlaim d'oideoirí, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2022, https://data.europa.eu/doi/10.2766/153756.

53 https://commission.europa.eu/strategy-and-policy/priorities-2019-2024/europe-fit-digital-age/european-digital-identity_ga

54 Moladh ón gComhairle an 24 Samhain 2020 maidir leis an ngairmoideachas agus leis an ngairmoiliúint don iomaíochas inbhuanaithe, don chothroime shóisialta agus don athléimneacht (IO C 417, 2.12.2020, lch. 1).

55 Arna fhormhuiniú an 30 Samhain 2020

56 Tionscnamh na nOllscoileanna Eorpacha | Limistéar Eorpach Oideachais (europa.eu)

(21) **Leis an Moladh ón gComhairle maidir le Conairí Uas- scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta**[57] féachtar le deiseanna solúbtha a chur ar fáil do dhaoine fásta nach bhfuil mórán cáilíochtaí acu chun feabhas a chur ar a gcuid scileanna bunúsacha agus scileanna breise, lena n-áirítear inniúlachtaí digiteacha atá ábhartha do mhargadh an tsaothair agus do rannpháirtíocht ghníomhach sa tsochaí. Tá sé sin á chur i ngníomh trí oiliúint a sholáthar i suíomhanna foghlama iomchuí ina gcuireann múinteoirí agus oiliúnóirí cáilithe modhanna teagaisc a bhaineann go sonrach le daoine fásta i bhfeidhm agus ina mbaineann siad leas as acmhainneacht na foghlama digití.

(22) **Sna Conclúidí ón gComhairle maidir le múinteoirí agus oiliúnóirí Eorpacha don todhchaí**[58] aithnítear go bhfuil múinteoirí, oiliúnóirí agus ceannairí scoile ina gceann feadhna fíor-riachtanach maidir leis an oideachas agus an oiliúint. Tá siad le bheith páirteach i mbeartais oideachais agus oiliúna a chruthú, agus tá siad le bheith neamhspleách maidir leis na beartais sin a chur i bhfeidhm sa chleachtas. Teastaíonn tacaíocht uathu, áfach, ó chur chuige cuimsitheach maidir le hoideachas tosaigh, ionduchtú agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

(23) Leis an **Moladh ón gComhairle maidir le cuir chuige i leith na foghlama cumaisc le haghaidh bunoideachas agus meánoideachas ardcháilíochta agus cuimsitheach**[59] moltar cuir chuige foghlama cumaisc a leabú in oiliúint tosaigh múinteoirí agus i gcláir forbartha gairmiúla leanúnaí. Moltar ann freisin go dtacófar le baill foirne oideachais maidir le huirlisí agus ábhair dhigiteacha a úsáid, lena n-áirítear eolas ar conas oibriú go sábháilte agus go heiticiúil i dtimpeallachtaí digiteacha.

(24) Leis an **Moladh ón gComhairle maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe**[60] cuirtear béim ar a thábhachtaí atá inniúlachtaí digiteacha oideoirí agus bonneagar digiteach, uirlisí digiteacha agus acmhainní digiteacha chun teagasc agus foghlaim a neartú maidir le hinbhuanaitheacht.

(25) Dá bhrí sin tá sé riachtanach go gcaithfear le múinteoirí mar phríomhpháirtithe sa chlaochlú digiteach rathúil san oideachas agus san oiliúint. Mar phríomhpháirtithe sa phróiseas seo ní mór dóibh dlúthbhaint a bheith acu le teicneolaíochtaí digiteacha a ghlacadh agus ní mór dul i gcomhairle leo maidir leis sin, agus ní mór na scileanna agus na hinniúlachtaí is gá a bheith acu chun iad a úsáid go héifeachtach.

(26) Urramaítear go hiomlán leis an Moladh seo prionsabail na coimhdeachta agus na comhréireachta. Cinnfidh na Ballstáit, de réir imthosca náisiúnta, conas an Moladh a chur chun feidhme,

---

57 Moladh ón gComhairle an 19 Nollaig 2016 maidir le Conairí Uas-scilithe: Deiseanna Nua do Dhaoine Fásta (IO C 484, 24.12.2016, lch. 1).

58 IO C 193, 9.6.2020, lch. 11.

59 Moladh ón gComhairle an 29 Samhain 2021 maidir le cuir chuige foghlama cumaisc le haghaidh bunoideachas agus meánoideachas cuimsitheach agus ardcháilíochta (IO C 504, 14.12.2021, lch. 21).

60 Moladh ón gComhairle an 16 Meitheamh 2022 maidir le foghlaim don aistriú glas agus don fhorbairt inbhuanaithe (IO C 243, 27.6.2022, lch. 1).

MOLTAR DO NA BALLSTÁIT:

1. Straitéis náisiúnta um oideachas digiteach agus scileanna digiteacha a chomhaontú, trí chur chuige uile-rialtais agus in éineacht le príomhpháirtithe leasmhara, ar straitéis í a forbraíodh nó a nuashonraíodh de réir phrionsabail an Mholta seo, agus faireachán a dhéanamh ar a héifeachtacht agus ar a tionchar. Agus na Ballstáit ag tabhairt faoina straitéis náisiúnta, ba cheart do dóibh an méid seo a leanas a dhéanamh go háirithe:

1.1. Cuspóirí náisiúnta a shocrú ar bhealach comhtháite le haghaidh claochlú digiteach a gcóras oideachais agus oiliúna agus forbairt scileanna digiteacha, agus a áirithiú go ndéanfar iad a athbhreithniú agus a nuashonrú go rialta.

1.2. Na cuspóirí náisiúnta dá dtagraítear i bpointe 1.1 a ailíniú le tosaíochtaí straitéiseacha an Phlean Gníomhaíochta don Oideachas Digiteach 2021-2027 agus leis na spriocanna ar leibhéal an Aontais de Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach.

1.3. Spriocanna uaillmhianacha náisiúnta a leagan síos do na príomhchumasóirí i gcomhréir leis an Moladh seo agus leis na cuspóirí náisiúnta do chlaochlú digiteach na gcóras oideachais agus oiliúna.

1.4. Faireachán a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na spriocanna náisiúnta dá dtagraítear i bpointe 1.3 a bhaint amach agus tuarascálacha a fhoilsiú go tráthrialta, lena n-áirítear ceachtanna a foghlaimíodh agus moltaí le haghaidh feabhais.

1.5. Meastóireachtaí rialta a dhéanamh ar thionchar na mbeartas agus na gcleachtas um oideachas digiteach, lena n-áirítear ar thorthaí foghlama, inrochtaineacht agus cuimsiú, comhionannas agus folláine, le cur chuige foghlama ar feadh an tsaoil, agus taighde ar na hábhair sin a fhorbairt.

2. Éifeachtúlacht, éifeachtacht agus athléimneacht an bheartais um oideachas digiteach agus um oiliúint dhigiteach a mhéadú trí shineirgí agus comhordú ag gach leibhéal riaracháin a chur chun cinn agus cur chuige uile-rialtais agus ilpháirtithe leasmhara a áirithiú. Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

2.1. Idirphlé tráthrialta a eagrú idir na codanna éagsúla den rialtas a bhfuil baint acu le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a sholáthar ar na leibhéil iomchuí i gcomhréir le struchtúr na gcóras náisiúnta oideachais agus oiliúna chun ailíniú a áirithiú, leas a bhaint as sineirgí agus cosc a chur le caiteachas dúbailte.

2.2. Rannpháirtíocht struchtúrach páirtithe leasmhara agus comhpháirtithe sóisialta i gceapadh, i bhforbairt, i gcur chun feidhme agus i bpróisis mheastóireachta maidir le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a áirithiú, lena n-áirítear rannpháirtíocht ghníomhach na bpáirtithe sin nach bhfuil comhlachtaí ionadaíocha foirmiúla acu, amhail tuismitheoirí agus foghlaimeoirí, lena n-áirítear iad siúd ó chomhthéacsanna éagsúla socheacnamaíocha, aoise, earnála agus críche.

2.3. Comhar agus malartú inbhuanaithe a bhunú leis an earnáil phríobháideach agus le soláthraithe teicneolaíochta, lena n-áirítear soláthraithe teicneolaíochta oideachais, fiontair bheaga agus mheánmhéide agus gnólachtaí nuathionscanta chun réitigh a fhorbairt a thagann le luachanna agus prionsabail an Aontais, lena n-áirítear ceannasacht dhigiteach, idir-inoibritheacht, slándáil, príobháideacht sonraí agus trédhearcacht, chomh maith le húsáid inbhuanaithe acmhainní neamhchoitianta agus fuinnimh chun críoch digiteach, tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

2.3.1. tacú le taighde, le forbairt agus le tástáil uirlisí agus teicneolaíochtaí digiteacha oideachais, lena n-áirítear na cinn atá bunaithe ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun

cinn, lena n-áirítear Réaltacht leathnaithe, réaltacht fhíorúil, réaltacht bhreisithe, intleacht shaorga, róbataic agus meiteachruinne;

2.3.2. comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí a chur chun cinn chun réitigh oideachais dhigitigh a fhorbairt agus a úsáid, i gcás inarb iomchuí;

2.3.3. dreasachtaí a sholáthar le haghaidh taighde ar cháilíocht, ar chuimsiú, ar inrochtaineacht agus ar thionchar réiteach oideachais dhigitigh, lena n-áirítear na cinn atá bunaithe ar theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn.

2.4. Tabhairt faoi phiarfhoghlaim, faoi chleachtais a mhalartú agus faoi chomhordú, lena n-áirítear ar fud earnálacha beartais éagsúla, ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta, chun teacht ar réitigh chomhchoiteanna ar dhúshláin thrasnáisiúnta.

3. Oiliúint dhigiteach a áirithiú do gach ball foirne teagaisc agus tacaíochta agus fothú acmhainneachta institiúidí oideachais agus oiliúna a chur chun cinn. Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

3.1. A áirithiú go dtabharfar tacaíocht do gach múinteoir agus ball foirne teagaisc chun teicneolaíochtaí digiteacha a chomhtháthú ina n-oideolaíocht, is é sin teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú. Ba cheart go mbeadh an tacaíocht sin sna foirmeacha seo a leanas go háirithe:

3.1.1. ról a thabhairt do mhúinteoirí i gcinntí institiúideacha maidir le conas trealamh digiteach a chomhtháthú sa teagasc agus san fhoghlaim agus maidir le hábhar oideachais dhigitigh a roghnú agus a fhorbairt;

3.1.2. oideolaíocht dhigiteach éigeantach a thabhairt isteach i ngach clár oiliúna tosaigh múinteoirí do mhúinteoirí réamhsheirbhíse, agus tacú le soláthraithe na gclár sin leis na hacmhainní agus na saoráidí riachtanacha chun na críche sin; comhoibriú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le forbairt, seachadadh agus measúnú curaclaim ar an oideolaíocht dhigiteach do mhúinteoirí;

3.1.3. a áirithiú go gcuirtear deiseanna tráthrialta agus am tráthrialta ar fáil do gach múinteoir inseirbhíse agus don fhoireann teagaisc chun a scileanna digiteacha a fhorbairt agus a uasghrádú i bhforbairt ghairmiúil leanúnach;

3.1.4. formáidí solúbtha, inrochtana agus nuálacha maidir le huas-sciliú digiteach a aithint agus a dhreasú, amhail oiliúint ar líne, gearrchúrsaí as a bhfaightear micridhintiúir, malartuithe foirne náisiúnta agus idirnáisiúnta, piarfhoghlaim, agus uas-sciliú digiteach trí thionscadail taighde chomhoibríocha, líonraí, agus pobail chleachtais agus taighde;

3.1.5. úsáid a bhaint as deiseanna chun oideolaíocht dhigiteach a fhorbairt trí Acadamh Múinteoirí Erasmus+;

3.1.6. an gá atá le folláine dhigiteach a léiriú sa phróiseas teagaisc agus foghlama agus i ndearadh cur chuige agus timpeallachtaí tacaíochta don teagasc digiteach agus don fhoghlaim dhigiteach.

3.2. Institiúidí oideachais agus oiliúna a spreagadh chun claochlú digiteach an oideachais agus na hoiliúna a chothú trí:

3.2.1. fothú acmhainneachta agus úsáid creataí agus uirlisí féinmheasúnaithe a chur chun cinn amhail SELFIE (uirlis féinmhachnaimh arna ceapadh chun cuidiú le scoileanna teicneolaíochtaí digiteacha a leabú sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú, bunaithe ar chreat DigCompOrg do cheannairí scoile), SELFIEforTEACHERS

(bunaithe ar chreat DigCompEdu), agus HEInnovate (uirlis féinmheasúnaithe d'institiúidí ardoideachais), chun riachtanais agus cuspóirí institiúideacha maidir leis an gclaochlú digiteach agus uas-sciliú a shainaithint;

3.2.2. critéir a chur san áireamh maidir leis na tosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach i bpróisis dearbhaithe cáilíochta inmheánacha agus seachtracha d'institiúidí oideachais agus oiliúna;

3.2.3. cuidiú le ceannairí institiúidí oideachais agus oiliúna an claochlú digiteach a chur chun feidhme, lena n-áirítear trí fhorbairt ghairmiúil leanúnach a thairiscint;

3.2.4. uas-scálú fianaisebhunaithe ar dhea-chleachtas a chur chun cinn trí aitheantas a thabhairt d'institiúidí is luathghlacadóirí a chuir feabhas ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim trí nuálaíocht agus trí theicneolaíochtaí digiteacha, agus trí thacú le malartuithe idir piaraí;

3.2.5. idirphlé leanúnach a spreagadh idir institiúidí oideachais agus oiliúna agus an tionscal maidir le riachtanais agus deiseanna forbartha agus oiliúna, taithí a mhalartú agus aiseolas a thabhairt ar tháirgí agus ar theicneolaíochtaí a úsáidtear sa teagasc agus san fhoghlaim;

3.2.6. a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach scoil ar riarthóirí TFC agus oideolaíochta digití chun cuidiú le múinteoirí agus le foghlaimeoirí gléasanna agus uirlisí digiteacha don teagasc, don fhoghlaim agus don mheasúnú a roghnú, a úsáid, a bhainistiú agus a chothabháil ar bhealach éifeachtach;

3.2.7. bearta cuimsitheacha a dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar an gcibearshlándáil i ngach institiúid oideachais agus oiliúna, gach ball foirne a spreagadh chun oiliúint ar chibearshlándáil a dhéanamh, feasacht ar an gcibearshlándáil a ardú i measc na mac léinn agus beartais slándála láidre agus rialú rochtana a áirithiú agus úsáid iomlán á baint as réitigh teicneolaíochta nua-aimseartha amhail cripteagrafaíocht agus fíordheimhniú.

4. Infheistíocht chothrom atá dírithe ar thorthaí a chur chun cinn in oideachas digiteach agus in oiliúint dhigiteach a bheidh ar ardchaighdeán, athléimneach agus cuimsitheach. Go sonrach, ba cheart do na Ballstáit an méid seo a leanas a dhéanamh:

4.1. Éifeachtúlacht agus tionchar an chaiteachais ar nascacht, trealamh, bonneagar, uirlisí digiteacha agus ábhar a mhéadú trí na nithe seo a leanas a dhéanamh:

4.1.1. próisis soláthair a chomhordú chun tairbhiú de bharainneacht scála nuair is féidir, agus solúbthacht maidir le riachtanais shonracha institiúidí oideachais agus oiliúna á cur san áireamh, agus an gá le hinbhuanaitheacht agus inrochtaineacht do dhaoine faoi mhíchumas á gcur san áireamh freisin; comhoibriú ar leibhéal an Aontais Eorpaigh maidir le caighdeáin agus sonraíochtaí is féidir a úsáid le haghaidh saincheisteanna amhail soláthar a eagraítear i réimse an oideachais dhigitigh;

4.1.2. cineálacha malartacha cur chuige i leith infheistíochta a bhreithniú, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, scéimeanna tabhartas, trealamh athláimhe a athchóiriú, chomh maith le hábhar oideachais dhigitigh ó Bhallstáit eile a aistriú agus a athúsáid, i gcás inarb ábhartha;

4.1.3. tacaíocht, saineolas agus fios gnó saincheaptha a thairiscint, mar shampla i bhfoirm comhpháirtíochtaí príobháideacha poiblí, comhlachtaí comhairleacha nó tithe stiúrtha/imréitigh, chun go mbeidh institiúidí oideachais agus oiliúna ábalta réitigh oideachais dhigitigh iomchuí a roghnú a bheidh saincheaptha dá riachtanais teagaisc

agus foghlama agus chun aghaidh a thabhairt ar shlándáil dhigiteach, inrochtaineacht, príobháideacht sonraí agus folláine dhigiteach ar bhealach straitéiseach;

4.1.4. a áirithiú go ngabhfaidh oiliúint chomhfhreagrach le hinfheistíochtaí i dtrealamh digiteach nua, i mbonneagar nua, in uirlisí nua agus in ábhar nua.

4.2. Rochtain chomhionann a sholáthar do gach foghlaimeoir, infheistíocht leordhóthanach a áirithiú iontu seo a leanas:

4.2.1. nascacht idirlín ardluais chun nascacht idirlín gigighiotáin 100 % nó níos airde a bhaint amach i ngach institiúid oideachais agus oiliúna agus bearnaí críochacha agus socheacnamaíocha a dhúnadh trí úsáid a bhaint as réimse teicneolaíochtaí agus roghanna éagsúla, snáithín, 5G agus satailít, i gcomhréir leis na spriocanna ar leibhéal an Aontais do Chlár Beartais 2030 don Deacáid Dhigiteach;

4.2.2. trealamh digiteach don seomra ranga a uasghrádú agus a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach múinteoir agus ball foirne teagaisc ar ghléas pearsantaithe (ríomhaire deisce, ríomhaire glúine nó táibléad) chun a gcleachtas oideolaíoch a shaibhriú;

4.2.3. a áirithiú go mbeidh rochtain ag gach foghlaimeoir ar ghléas pearsantaithe ar scoil a fhreastalaíonn ar a riachtanais shonracha agus go ndéanfar gach gléas a sheirbhísiú agus a chothabháil go tráthrialta;

4.2.4. ábhair theagaisc agus foghlama a dhigitiú agus ábhar oideachais dhigitigh nua-aimseartha, inrochtana agus ardchaighdeáin a fhorbairt agus iad ailínithe le curaclaim agus dea-chleachtais oideolaíocha;

4.2.5. seirbhísí láraithe ábhartha a chur chun feidhme agus a chomhtháthú, lena n-áirítear trí réitigh néalríomhaireachta, amhail córais fhíorúla bainistithe foghlama agus riaracháin (lena n-áirítear uirlisí slána cumarsáide agus comhair, stórtha ábhar oideachais, bainistíocht seomra ranga agus measúnuithe digiteacha) i ngach institiúid oideachais agus oiliúna, agus a n-idir-inoibritheacht, a bpríobháideacht agus a slándáil sonraí á n-áirithiú;

4.2.6. oideachas cuimsitheach a áirithiú trí inrochtaineacht ábhair agus teicneolaíochtaí oideachais dhigitigh d'fhoghlaimeoirí agus do mhúinteoirí faoi mhíchumas a chosaint agus trí threalamh speisialaithe agus réitigh a sholáthar d'fhoghlaimeoirí a bhfuil riachtanais speisialta oideachais acu, agus reachtaíocht inrochtaineachta an Aontais atá ann cheana á cur san áireamh, go háirithe Treoracha (AE) 2016/2102[61] agus (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[62].

CUIRTEAR FÁILTE ROIMH RÚN AN CHOIMISIÚIN AN MÉID SEO A LEANAS A DHÉANAMH:

**1. Tacú le cur chun feidhme an Mholta seo tríd: an nGrúpa Ardleibhéil um Oideachas Digiteach agus Scileanna Digiteacha atá le bunú le Cinneadh ón gCoimisiún.**

---

[61] Treoir (AE) 2016/2102 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le hinrochtaineacht na suíomhanna gréasáin agus feidhmchlár móibíleach de chuid comhlachtaí san earnáil phoiblí (IO L 327, 2.12.2016, lch. 1).

[62] Treoir (AE) 2019/882 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir leis na ceanglais inrochtaineachta le haghaidh táirgí agus seirbhísí, IO L 151, 7.6.2019, lch. 70).

Tacú le leanúint éifeachtach den Ghrúpa Ardleibhéil agus feidhmiú éifeachtach an Ghrúpa Ardleibhéil a bunaíodh don Idirphlé Struchtúrtha leis na Ballstáit d'fhonn stiúradh a chur ar fáil maidir leis na príomhábhair straitéiseacha a dtugtar aghaidh orthu sa Mholadh seo. Féadfaidh an grúpa foghrúpaí teicniúla a bhunú, go speisialta maidir le measúnú agus deimhniú scileanna digiteacha, forbairt curaclaim, agus ceanglais cháilíochta le haghaidh uirlisí agus ábhar maidir leis an oideachas digiteach. Ba cheart don obair sin comhsheasmhacht agus comhlántacht a áirithiú leis an obair a dhéanann an Grúpa Ardleibhéil um Oideachas agus Oiliúint[63] agus an Bord um an Deacáid Dhigiteach[64].

**2. Malartú dea-chleachtais, piarfhoghlaim agus comhar le páirtithe leasmhara maidir le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a chur chun cinn. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:**

2.1. Malartú dea-chleachtais, líonraí agus piarfhoghlaim a éascú idir na Ballstáit, lucht déanta beartas, cleachtóirí agus páirtithe leasmhara ón earnáil phríobháideach agus ón earnáil phoiblí trí uirlisí, ardáin agus pobail atá ann cheana (an Grúpa Oibre um Oideachas Digiteach: Foghlaim, Teagasc agus Measúnú (DELTA), Lárionad Acmhainní Digiteacha SALTO na hEorpa, an tArdán Eorpach um Oideachas Scoile, lena n-áirítear r-Nascadh, Ríomh-Ardán don Fhoghlaim Aosach san Eoraip (EPALE), ardán um Idirlíon Níos Fearr do Leanaí, tionscadail um Ionstraim Tacaíochta Teicniúla), lena n-áirítear tríd an Mol maidir leis an Oideachas Digiteach a chur chun cinn mar phríomhphointe iontrála d'oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach san Aontas.

2.2. Comhar a chur chun cinn le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear soláthraithe bogearraí agus crua-earraí, maidir le bonneagar digiteach agus uirlisí digiteacha agus a n-úsáid inbhuanaithe san oideachas agus san oiliúint, agus luachanna agus prionsabail an Aontais maidir le príobháideachas, cosaint sonraí agus idir-inoibritheacht á gcur chun cinn.

2.3. An comhar idirnáisiúnta a neartú maidir leis na tosca cumasúcháin don oideachas digiteach agus do scileanna digiteacha.

**3. Tacú le hoiliúint dhigiteach múinteoirí, foirne teagaisc agus foirne tacaíochta in institiúidí oideachais agus oiliúna. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:**

3.1. Tacú leis an tsoghluaisteacht, trí Erasmus+, d'fhonn múinteoirí, baill foirne teagaisc agus baill foirne tacaíochta institiúidí oideachais agus oiliúna a uas-sciliú maidir le teicneolaíochtaí digiteacha a úsáid sa teagasc, san fhoghlaim agus sa riarachán, lena n-áirítear maidir le cumais na dteicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, ar cumais iad atá ag athrú go tapa.

3.2. Uirlisí amhail DigCompEdu agus SELFIEforTEACHERS a chur chun cinn, agus tacú le comhar maidir le forbairt agus soláthar cúrsaí ar oideolaíocht dhigiteach le haghaidh oiliúint tosaigh múinteoirí agus forbairt ghairmiúil leanúnach.

[63] Rún ón gComhairle maidir le struchtúr rialachais an chreata straitéisigh le haghaidh comhar Eorpach san oideachas agus san oiliúint i dtreo an Limistéir Eorpaigh Oideachais agus lasmuigh de (2021-2030) (IO C 497, 10.12.2021, lch. 1).

[64] Cinneadh ón gCoimisiún an 11 Deireadh Fómhair 2022 lena mbunaítear an grúpa saineolaithe 'an Bord um an Deacáid Dhigiteach' - C(2022) 7141.

3.3. Rolladh amach na dtreoirlínte eiticiúla maidir le húsáid na hintleachta saorga agus sonraí sa teagasc agus san fhoghlaim a chur chun cinn chun cuidiú le múinteoirí bunscoile agus meánscoile intleacht shaorga agus sonraí a chomhtháthú go héifeachtach in oideachas scoile, agus tógáil orthu chun na himpleachtaí a bhaineann le mí-úsáid teicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn amhail intleacht shaorga ghiniúnach a chur san áireamh agus chun dul i ngleic leis na rioscaí.

**4. Tacú le hinfheistíocht atá dírithe ar thorthaí i mbonneagar agus i seirbhísí an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití trí mhaoiniú náisiúnta agus maoiniú ón Aontas agus fianaise maidir le héifeachtacht agus éifeachtúlacht beartas agus uirlisí oideachais dhigitigh a neartú. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:**

4.1. Tacú le hinfheistíocht na mBallstát i mbonneagar fíor-riachtanach oideachais dhigitigh (nascacht, trealamh, uirlisí agus ábhar digiteach san áireamh) trí mhaoiniú ón Aontas agus na naisc a neartú idir beartais an Aontais atá ann cheana agus ionstraimí cistiúcháin agus cláir agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha don oideachas digiteach agus digitiú scoileanna.

4.2. I bhfianaise na bhforbairtí teicneolaíocha tapa, tacú le forbairt treoirlínte agus ceanglais cháilíochta, i gcomhar leis na Ballstáit agus le páirtithe leasmhara, maidir le hábhar oideachais dhigitigh inrochtana, dea-dheartha agus ardcháilíochta agus maidir le timpeallachtaí foghlama fíorúla agus uirlisí fíorúla (amhail córais agus feidhmchláir bainistíochta foghlama neamhspleácha) chun cuidiú le córais oideachais agus oiliúna meastóireacht chórasach a dhéanamh ar a gcáilíocht, a sábháilteacht, a mbarántúlacht, a n-iontaofacht, a bhfóntas agus a gcuimsitheacht.

4.3. Tacú leis na Ballstáit agus le soláthraithe teicneolaíochta aghaidh a thabhairt ar dhúshláin idir-inoibritheachta a bhaineann le hardáin agus seirbhísí oideachais dhigitigh in earnálacha éagsúla oideachais agus oiliúna.

4.4. Comhordú taighde a mhéadú, uas-scálú fianaisebhunaithe ar dhea-chleachtais agus tacaíocht a chur chun cinn, trí chlár Fís Eorpach, tríd an gclár don Eoraip Dhigiteach agus trí chlár Erasmus+, trí thaighde, forbairt agus úsáid na réiteach digiteach le haghaidh teagaisc, foghlama agus measúnaithe, agus a dtionchar ar fheabhas a chur ar thorthaí foghlama agus ar chothromas a thástáil.

4.5. Tacú leis na Ballstáit beartais éifeachtacha agus éifeachtúla um oideachas digiteach a fhorbairt trí fhianaise, meastóireacht agus anailís ar na beartais sin a fheabhsú tríd an tSaotharlann Foghlama um Infheistiú in Oideachas agus Oiliúint Ardcháilíochta, chomh maith le treoraíocht spriocdhírithe agus tacaíocht theicniúil a sholáthar tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla.

4.6. Malartuithe maidir le cuir chuige náisiúnta agus maidir leis an dea-chleachtas maidir le soláthar éifeachtach trealaimh dhigitigh agus bonneagair dhigitigh d'institiúidí oideachais agus oiliúna a éascú tríd, *inter alia*, an Líonra Seirbhísí Comhairleacha Náisiúnta um oideachas digiteach.

4.7. Tacú le claochlú digiteach dhintiúir oideachais agus oiliúna na mBallstát, go háirithe trí bhonneagar na nDintiúr Digiteach Eorpach le haghaidh Foghlama a rolladh amach a thuilleadh.

**5. Trédhearcacht a fheabhsú agus meastóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn maidir le hoideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach a chur chun feidhme. Tá an méid seo a leanas, go háirithe, beartaithe ag an gCoimisiún:**

5.1. Cur le forbairt sonraí comparáideacha ar phríomhthosca cumasúcháin an oideachais dhigitigh agus na hoiliúna digití ar fud an Aontais trí shuirbhé ar an *Oideachas Digiteach san Eoraip* a dhéanamh gach 3 bliana sna Ballstáit, ag tógáil ar an 'Suirbhé Eorpach Scoileanna: TFC san Oideachas', agus é a fhorbairt a thuilleadh, d'fhonn an chéad tacar cuimsitheach sonraí a bhailiú faoi 2025.

5.2. Faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na tosca cumasúcháin le haghaidh oideachas digiteach agus oiliúint dhigiteach, agus straitéisí náisiúnta na mBallstát á gcur san áireamh, laistigh de chreat an Limistéir Eorpaigh Oideachais, amhail an Tuarascáil Faireacháin ar Oideachas agus Oiliúint.

5.3. Tacú le rannpháirtíocht na mBallstát i suirbhéanna idirnáisiúnta ina soláthraítear sonraí comparáideacha ar staid na himeartha maidir le hullmhacht múinteoirí don oideachas digiteach, go háirithe Suirbhé Idirnáisiúnta na hEagraíochta um Chomhar agus Forbairt Eacnamaíocha (ECFE) maidir le Teagasc agus Foghlaim.

5.4. Athbhreithniú a dhéanamh ar an dul chun cinn arna dhéanamh maidir leis an Moladh seo a chur chun feidhme agus tuairisciú don Chomhairle tráth nach déanaí ná 5 bliana i ndiaidh a ghlactha.

Arna dhéanamh in Strasbourg,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*